Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8564/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0080(BUD)**

**FIN 461**
**PE-L 17**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7494/23 (COM(2023) 150 final) |
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta 2023: Coigeartuithe teicniúla a eascraíonn as na comhaontuithe polaitiúla ar thángthas orthu maidir le roinnt tograí reachtacha, lena n-áirítear maidir le REPowerEU, leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) agus le clár an Aontais um Nascacht Shlán<br>– *Glacadh*<br>– *Formheas litreach* |

1. An 16 Márta 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta do 2023 maidir le coigeartuithe teicniúla a eascraíonn as na comhaontuithe polaitiúla ar thángthas orthu maidir le roinnt tograí reachtacha, lena n-áirítear i ndáil le REPowerEU, an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) agus clár an Aontais um Nascacht Shlán[1].

[1] 7494/23.

Is é is aidhm don togra seo:

- an ainmníocht bhuiséadach agus na nótaí tráchta a choigeartú tar éis ghlacadh phlean[2] agus Rialachán[3] REPowerEU maille le leasuithe spriocdhírithe ar an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[4], ar an Treoir maidir le Scéimeanna Trádála Astaíochtaí (CTA)[5] agus ar an Rialachán maidir le Cúlchiste Coigeartaithe Brexit[6];

- líne oibríochtúil SCCT a aistriú ó cheannteideal 1 go ceannteideal 3 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), i gcomhréir leis an gcomhaontú deiridh ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air i mí na Nollag 2022 maidir le bunú SCCT, agus coigeartú á dhéanamh ar an soláthar foirne agus ar leithreasuithe riaracháin eile faoi cheannteideal 7 de réir an ráitis airgeadais reachtaigh athbhreithnithe;

- Clár an Aontais um Nascacht Shlán sa Spás a athneartú trí bhíthin mhéid EUR 50 milliún mar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, d'fhonn maoiniú an chláir a thabhairt chun críche don tréimhse go dtí deireadh na bliana 2027[7];

- an ranníocaíocht a dhéanann an tAontas leis na heintitis seo a leanas, agus/nó an líon foirne a thugann an tAontas dóibh a choigeartú, mar atá, an tÚdarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), an Gníomhaireacht um thacaíocht do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) chun athruithe ar a sainorduithe a chur san áireamh;

2 9787/22 (COM(2022) 230 final).

3 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann sé le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

4 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

5 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

6 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, p. 1).

7 Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán don tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2013, lch. 1).

- plean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú (HADEA) a choigeartú chun mionathrú ar struchtúr foirne na gníomhaireachta feidhmiúcháin a chur san áireamh;

- méadú a chur ar leibhéil leithreasuithe riaracháin an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) chun táillí dlí a mhaoiniú tar éis méadú a theacht ar chásanna dlíthíochta a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí[8].

Ar an iomlán, is méadú EUR 52,6 milliún ar leithreasuithe gealltа an tionchar glan atá ag dréachtbhuiséad leasaitheach 1 ar chaiteachas. Ní iarrtar aon leithreasú breise faoi chomhair íocaíochtaí.

2. Chun go mbeidh an Chomhairle in ann seasamh a ghlacadh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2023 gan mhoill, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, giorrú a dhéanamh ar an tréimhse 8 seachtaine a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 3(3) dá Rialacha Nós Imeachta.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2023 ag an gcruinniú a bhí aige an 22 Márta 2023 agus bhí sé in ann glacadh leis gan aon athrú.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2023, mar a leagtar amach i bpointe 3 é, a ghlacadh;

– treoir a thabhairt don Uachtaránacht na doiciméid bhuiséadacha atá le cur chuig Parlaimint na hEorpa a ullmhú agus an dréachtlitir san Iarscríbhinn a fhormheas chuige sin; agus

– an Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, mar a leagtar amach in 8565/23 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

[8] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

– i bhfianaise phráinn an ábhair, go gcinnfidh an Chomhairle maolú a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 3(3), an dara fomhír de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó(n) : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin, a shoilse,

Tá an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 don bhliain airgeadais 2023, a ghlac an Chomhairle an 16 Bealtaine 2023, á chur ar aghaidh agam chugat i ndoiciméad ar leithligh.

(Mise le meas).